



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2024
(OR. en)

11239/24
PV CONS 32
JAI 1051
COMIX 290

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Ceartas agus Gnóthaí Baile)

13 agus 14 Meitheamh 2024

GNÓTHAÍ BAILE

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10690/24, cé is moite de mhír 4 ‘Dearbhú Schengen’.

Formheas na míreanna ‘A’

2. (a) Liosta neamhrechtach

10692/24

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

(b) Liosta reachtach (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

10693/24

Iompar

1. Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (TEN-T)
Glacadh an ghnímh reachtaigh



10209/24 + ADD 1
REV 2
PE-CONS 56/24 +
ADD 1-29

D’fhorpheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 172 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Ceartas agus Gnóthaí Baile

2. Treoir lena leasaítear Treoir 2012/29/AE a mhéid a bhaineann le cearta íospartach
Cur chuige ginearálta



10255/24 +
ADD 1-2
JAI

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe mar a leagtar amach sa doiciméad thuas. Tá ráitis ón mBulgáir, agus ón tSlóvaic leagtha amach san Iarscríbhinn.

3. Rialachán maidir leis na nósanna imeachta chun an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a chur chun feidhme
Cur chuige ginearálta



10288/24
DATAPROTECT

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le rialacha nós imeachta a bhaineann le forfheidhmiú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí mar a leagtar amach in 10288/24 é.

4. **Rialachán lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh**  10602/24 + COR 1 + ADD 1-2
Cur chuige ginearálta MIGR

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

Tá ráitis ón Ísiltír agus ón Ungáir leagtha amach san Iarscríbhinn.

RIALACHAS POLAITIÚIL LIMISTÉAR SCHENGEN ('COMHAIRLE SCHENGEN')

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

3. Staid ghinearálta limistéar Schengen
(a) Tuarascáil 2024 ón gCoimisiún maidir le staid limistéar Schengen 9012/24 + ADD 1-3
(b) Tosaíochtaí do thimthriall Chomhairle Schengen 2024 - 2025 10489/24
Seisiún tuairimíochta
4. Dearbhú Schengen 10490/24
Formheas
5. Beartas víosaí an Aontais amach anseo 10258/24
Seisiún tuairimíochta
6. Cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta 10845/24
Staid na himeartha
7. Aon ghnó eile

SAINCHEISTEANNA EILE GNÓTHAÍ BAILE

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

8. **Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac**  10666/24
Tuarascáil ar dhul chun cinn

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac.

9. Aon ghnó eile

Tograí reachtacha reatha atá á scrúdú faoi láthair

10483/24

Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse na ngnóthaí baile.

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

10. An comhshocrú maidir le himirce agus tearmann: cur chun feidhme^{1,2} 10791/24
(a) Nóta ón Uachtaránacht 10749/24
(b) Plean cur chun feidhme coiteann an Chomhshocraithe + ADD 1-2
Staid na himeartha
11. Rochtain ar shonraí chun an dlí a fhorfheidhmiú go héifeachtach: 10477/24
cur i láthair na moltaí ón nGrúpa Ardleibhéil³
Seisiún tuairimíochta
12. Iarmhairtí fhogha na Rúise faoin Úcráin
(a) An tslándáil inmheánach^{1,4}
Staid na himeartha
(b) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear (*) 10709/24 + COR 1
síneadh le cosaint shealadach mar a tugadh isteach le
Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382
(Bunús dlí: Airteagal 4(2) de Threoir 2001/55/CE
ón gComhairle, an 20 Iúil 2001)
Comhaontú polaitiúil / Comhaontú i bprionsabal
13. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir leis an tslándáil^{1,5}  10406/24 + COR 1
(a) Measúnú arna dhéanamh ag an mBord Comhairleach
Faisnéise
Cur i láthair ó Uachtarán an Ghrúpa
Frithsceimhlitheoireachta (CTG)
Staid na himeartha
(b) An t-antaisceachas foréigineach agus an sceimhlitheoireacht
a chosc agus a chomhrac
Staid na himeartha

¹ Go heisceachtúil, i láthair na Stát atá comhlachaithe le Schengen.

² Tugtar cuireadh do na gníomhaireachtaí Eorpacha EUAA, eu-LISA agus Frontex a bheith i láthair don mhír seo.

³ Tugadh cuireadh don ghníomhaireacht Eorpach Europol a bheith i láthair don mhír seo.

⁴ Tugtar cuireadh do na gníomhaireachtaí Eorpacha Europol agus Frontex a bheith i láthair don mhír seo.

⁵ Tugtar cuireadh don ghníomhaireacht Eorpach Europol agus d'Uachtarán an Ghrúpa Frithsceimhlitheoireachta (CTG) a bheith i láthair don mhír seo.

- | | | |
|-----|---|----------|
| 14. | An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac | 10270/24 |
| (a) | Tuarascáil ón Uachtaránacht ³
<i>Staid na himeartha</i> | 10512/24 |
| (b) | Conclúidí maidir le líonraí coiriúla a bhfuil ardriosca ag baint leo a mhapáil
<i>Formheas</i> | |
| 15. | Ullmhacht agus freagairt i gcomhair géarchéimeanna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh
<i>Seisiún tuairimíochta</i> | 10433/24 |
| 16. | Aon ghnó eile | |
| (a) | Páipéar leathoifigiúil faoi phacáiste slándála nua
<i>Faisnéis ón tSualainn</i> | 10493/24 |
| (b) | Cruinniú Aireachta idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (an Bhruiséil, an 20 agus an 21 Meitheamh 2024)
<i>Faisnéis ón Uachtaránacht</i> | 10806/24 |
| (c) | Comhar idir an tAontas agus tíortha an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh
<i>Faisnéis ón bPortaingéil</i> | 10822/24 |
| (d) | Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
<i>Cur i láthair ón Ungáir</i> | |

DÉARDAOIN, AN 14 MEITHEAMH 2024

CEARTAS

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

- | | | |
|-----|--|---|
| 17. | Rialachán maidir le tuismíocht a shuí agus a aithint i gcásanna trasteorann
<i>Díospóireacht bheartais</i> |  9897/24 |
|-----|--|---|

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an Rialachán atá beartaithe.

- | | | |
|-----|--|--|
| 18. | Treoir maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú
<i>Tuarascáil ar dhul chun cinn</i> |  10363/24 |
|-----|--|--|

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

- | | | |
|-----|--|--|
| 19. | Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac
<i>Cur chuige ginearálta</i> |  10247/24
+ ADD 1 REV 1
+ ADD 2-3 |
|-----|--|--|

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir atá beartaithe. Leagtar amach ráitis ón mBulgáir, ón Eastóin agus ón nGearmáin san Iarscríbhinn.

20. **Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac**  10065/24
Díospóireacht bheartais

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an Treoir atá beartaithe.

21. **Aon ghnó eile**
Tograí reachtacha reatha atá á scrúdú faoi láthair 10483/24
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le staid na himeartha i dtaca le tograí reachtacha éagsúla i réimse an cheartais.

Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

22. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)⁶
Staid na himeartha
23. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin: an tsaoirse ó phionós a chomhrac⁷ 10081/24
Seisiún tuairimíochta
24. An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac: tuarascáil ón Uachtaránacht 10270/24
Staid na himeartha
25. **Conclúidí maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint**  9861/24 + ADD 1
Formheas

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí sin.

Leagtar amach na ráitis ón mBulgáir agus ón Ungáir san Iarscríbhinn a ghabhann leis na miontuairiscí seo.

26. Cur chun feidhme Choinbhinsiún Iostanbúl 10485/24
Staid na himeartha

⁶ Tugtar cuireadh d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bheith i láthair don mhír seo.

⁷ Tugtar cuireadh don ghníomhaireacht Eorpach Eurojust agus don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a bheith i láthair don mhír seo.

27. Aon ghnó eile
- (a) Caibidlíocht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le comhaontú um r-fhianaise
Faisnéis ón gCoimisiún
 - (b) Scórchlár Ceartais an Aontais 2024 10742/24
Faisnéis ón gCoimisiún
 - (c) Rochtain ar shonraí chun an dlí a fhorfheidhmiú go héifeachtach: cur i láthair na moltaí ón nGrúpa Ardleibhéal 10289/24
Faisnéis ón Uachtaránacht
 - (d) Cruinniú Aireachta idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile (an Bhruiséil, an 20 agus an 21 Meitheamh 2024) 10806/24
Faisnéis ón Uachtaránacht
 - (e) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
Cur i láthair ón Ungáir

-
-  An chéad léamh
 -  Nós imeachta reachtach speisialta
 -  Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
 -  Mír shrianta
 -  Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
 - (*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith
-

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘A’ a leagtar amach in 10693/24

Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna ‘A’: **Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (TEN-T)**
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘Is díol sásaimh do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine an réamh-chomhaontú ar ar tháinig na hinstiúidí an 18 Nollaig 2023, i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, agus mar a ghlac Parlaimint na hEorpa go pras é an 24 Aibreán 2024. Ionas gur féidir leis an Rialachán teacht i bhfeidhm go tapa, vótálfaidh an Ghearmáin ar son an Rialachán a ghlacadh ar bhonn an téacs reatha atá sa Chomhairle, ach is mian léi a thabhairt le fios go bhfuil roinnt easnamh sna leaganacha teanga dá n-éileofar ceartúchán.

Go dtí seo, rinneadh na forálacha a bhaineann le ‘tosaíochtaí breise’ a aistriú ar bhealach neamhréireach sna leaganacha teanga aonair.

De réir an leagain Bhéarla, ar bunaíodh an chaibidlíocht thríthaobhach air, déanfaidh na Ballstáit ‘aird a thabhairt ar’ na tosaíochtaí breise. Tá sé sin ag teacht le meon na caibidlíochta tríthaobhaí agus an chomhaontaithe pholaitiúil atá tugtha i gcrích: Foráiltear do na ‘tosaíochtaí breise’ mar thosaíochtaí roghnacha seachas tosaíochtaí sainordaitheacha sa bhreis ar na ceanglais cheangailteacha ar na modhanna iompair aonair in airteagail eile sa Rialachán.

I gcodarsnacht leis sin, tá sé soiléir go bhfuil an leagan Gearmáinise, *inter alia*, níos sriantaí agus ceanglaítear ar na Ballstáit ‘tosaíocht a thabhairt do’ na tosaíochtaí breise. D’fhéadfadh an cás a bheith amhlaidh sna leaganacha teanga eile.

Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin i ngach Ballstát a áirithiú, tá sé ríthábhachtach na haistriúcháin go dtí na teangacha oifigiúla éagsúla a ailíniú go dlúth leis an leagan Béarla a caibidlíodh ar dtús agus a comhaontaíodh go polaitiúil.

Tá Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ag súil, i gcás na n-aistriúchán sin a imíonn go mór ón mbunleagan Béarla, go gcuirfear isteach go luath sna leaganacha teanga lena mbaineann, na ceartúcháin theicniúla ábhartha a rinne an Ghearmáin agus, b’fhéidir, Ballstáit eile. Maidir leis na tosaíochtaí breise, baineann sé sin leis an gcéad abairt in Airteagail 20, 24, 28, 32, 35, 39 agus 42.

A mhéid a bhaineann leis an leagan Gearmáinise, shainaithin Poblacht Chónaidhme na Gearmáine easnaimh eile san aistriúchán freisin. Ar choinníoll go mbeidh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Poblacht na hOstaire in ann teacht ar chomhsheasamh maidir le haistriúchán feabhsaithe Gearmáinise, tá Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ag súil freisin le ceartúchán comhfhreagrach ar an leagan Gearmáinise.

Más mian le Ballstáit eile a leaganacha teanga a cheartú freisin, is féidir leo brath ar thacaíocht ón nGearmáin ar choinníoll go mbeidh a dtograí ailínithe go dlúth leis an mbunleagan Béarla, rud a áiríteoidh cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialachán athbhreithnithe TEN-T.’

RÁITEAS ÓN SPÁINN

‘An 18 Nollaig 2023 tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi Uachtaránacht na Spáinne, ar chomhaontú sealadach i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt.

An 24 Aibreán 2024, d’fhormheas seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa téacs an chomhaontaithe ar an gcéad léamh.

Tacaíonn Ríocht na Spáinne leis an téacs a d’fhormheas an Pharlaimint agus lena ghlacadh ag an gComhairle.

Mar a thug toscaireachtaí eile dá n-aire, áfach, chuirfeadh údaráis na Spáinne in iúl go bhfuil easnaimh nó míchruinneas áirithe sa leagan Spáinnise a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le difríochtaí sa léirmhíniú dlíthiúil i gcomparáid leis an leagan Béarla, arbh é an leagan a comhaontaíodh go polaitiúil é.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Spáinne, a luaith a ghlacfar an téacs, gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar na leaganacha sna teangacha oifigiúla éagsúla ionas go gcomhfhreagróidh siad don leagan Béarla, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a áirithiú i ngach Ballstát.’

RÁITEAS ÓN bhFRAINC

‘Is díol sásaimh d’údaráis na Fraince an comhaontú sealadach i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (Rialachán TEN-T) ar ar tháinig na hinstiúidí Eorpacha an 18 Nollaig 2023 agus a ghlacadh ag Parlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024.

Tacaímid leis an téacs formheasta chomh maith le glacadh críochnaitheach an Rialacháin atá beartaithe don chruinniú a bheidh ag an gComhairle an 30 Bealtaine 2024, agus lena fhoilsiú le linn an timthrialla reachtaigh reatha.

Mar sin féin, ba mhaith linn aird a tharraingt ar an gcinneadh a rinne na comhreachtóirí nós imeachta sonrach a úsáid chun an Rialachán a ghlacadh (nós imeachta a bhaineann le himthosca eisceachtúla mar a luadh ag an gcrúinniú a bhí ag Coreper an 10 Aibreán 2024), gan nós imeachta ceartúcháin le linn an timthrialla reachtaigh reatha. Tugann údaráis na Fraince dá n-aire nach ndeachthas i gcomhairle leis na Ballstáit, sular glacadh go críochnaitheach iad, maidir leis na leaganacha a chuir na dlítheangeolaithe ar fáil, agus go háirithe na haistriúcháin go teangacha an Aontais Eorpaigh.

Leagann údaráis na Fraince béim ar an tábhacht oibríochtúil, theicniúil agus dhlíthiúil a bhaineann le bheith in ann measúnú a dhéanamh ar an leagan Fraincise den Rialachán, chomh maith leis na leaganacha i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh, i bhfianaise an leagain Béarla a bhí mar bhonn don chaibidlíocht thríthaobhach agus as ar eascair glacadh Rialachán TEN-T. Tar éis na samplaí a thugtar i ráiteas na Gearmáine, leagfaimis béim ar na heasnaimh a d’fhéadfadh a bheith ar na leaganacha nach leaganacha Béarla iad, ar gá iad a cheartú.

A mhéid a léiríonn roinnt Ballstát deacrachtaí díobhálacha a bhaineann le foclaíocht na leaganacha aistrithe de Rialachán TEN-T, tacaíonn údaráis na Fraince leis an ráiteas ón nGearmáin ina sonraítear an tábhacht a bhaineann le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin a áirithiú i ngach Ballstát. Sin é an fáth a bhfuil sé ríthábhachtach na haistriúcháin sna teangacha oifigiúla uile a ailíniú go hiomlán leis an leagan Béarla a caibidlíodh ar dtús agus a comhaontaíodh go polaitiúil.

Dá bhrí sin, iarrann údaráis na Fraince go ndéanfaí na ceartúcháin theicniúla iomchuí is gá sna leaganacha teanga éagsúla, arna dtionscnamh agus arna n-iarraidh ag na Ballstáit lena n-áirítear an Fhrainc, in am trátha.’

RÁITEAS ÓN IODÁIL

Is díol sásaimh don Iodáil an réamh-chomhaontú ar ar tháinig na hinstitiúidí an 18 Nollaig 2023, i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras- Eorpach iompair a fhorbairt, agus mar a ghlac Parlaimint na hEorpa go pras é an 24 Aibreán 2024. Dá bhrí sin, vótálfaidh an Iodáil i bhfabhar Rialachán ón gComhairle a ghlacadh ar bhonn an leagain Bhéarla den téacs (PE-CONS 56/24), ach is mian léi roinnt barúlacha a thabhairt maidir leis na leaganacha teanga, nach mór a chur san áireamh.

Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin i ngach Ballstát a áirithiú, is den riachtanas é go ndéanfar na haistriúcháin go dtí na teangacha oifigiúla éagsúla a ailíniú go hiomlán agus go comhsheasmhach leis an leagan Béarla a caibidlíodh ar dtús agus a comhaontaíodh go polaitiúil.

Tá an Iodáil ag súil go gcaithfear tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar ghlacadh na leaganacha teanga éagsúla uile sa Chomhairle agus go gceadófar ceartúcháin chun leaganacha teanga a imíonn ón mbunleagan Béarla a cheartú, rud a áiritheoidh cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialachán athbhreithnithe TEN-T.

Más mian le Ballstáit eile a leaganacha teanga a cheartú freisin, féadfaidh an Iodáil a tacaíocht a chur in iúl, ar choinníoll go mbeidh a dtograí ailínithe go dlúth leis an mbunleagan Béarla.'

RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL

'Is díol sásaimh don Phortaingéil an réamh-chomhaontú ar ar tháinig na hinstitiúidí an 18 Nollaig 2023, i ndáil leis an athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras- Eorpach iompair a fhorbairt, agus mar a ghlac Parlaimint na hEorpa é an 24 Aibreán 2024. Dá bhrí sin, vótálfaidh an Phortaingéil i bhfabhar an Rialachán ón gComhairle a ghlacadh ar bhonn an leagain Bhéarla den téacs reatha (PE-CONS 56/24), ach ba mhian léi chomh maith roinnt barúlacha a thabhairt maidir leis na leaganacha teanga, nach mór a chur san áireamh.

Ionas go mbeidh cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin i ngach Ballstát, tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na haistriúcháin go dtí na teangacha oifigiúla éagsúla a ailíniú go hiomlán agus go comhsheasmhach leis an leagan Béarla a caibidlíodh ar dtús agus a comhaontaíodh go polaitiúil. Dá bhrí sin, measann an Phortaingéil go gcaithfear, le glacadh na leaganacha teanga éagsúla sa Chomhairle, aon cheartúcháin a ionchorprú chun na leaganacha teanga atá ag imeacht ón mbunleagan Béarla a cheartú.'

Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':

Treoir lena leasaítear Treoir 2012/29/AE a mhéid a bhaineann le cearta íospartach
Cur chuige ginearálta

RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE

'Is den mhórhábhacht do Phoblacht na Bulgáire cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint. Táimid tiomanta do phrionsabail agus do luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leanfaimid de bheith tiomanta dóibh.

Tá Poblacht na Bulgáire tiomanta go láidir íospartaigh coireanna a chosaint agus tacaíocht iomlán a thabhairt dóibh. I ndáil leis an méid sin, measaimid gur cloch mhíle riachtanach í Treoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus aithnímid go gcuirfidh an togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2012/29/AE feabhas cinnte ar chosaint na n-íospartach ar fud an Aontais Eorpaigh.

I bhfianaise na gcinntí ón gCúirt Bhunreachtúil ó 2018 agus 2021, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire go dtuigtear nach gcuimsíonn an téarma ‘inscne’ a úsáidtear sa togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2012/29/AE ach an gnéas fireann agus baineann de réir a mbrí bitheolaíche.

Ar deireadh, cuireann Poblacht na Bulgáire in iúl freisin nach nglacfaidh sí ach le haistriú an téarma ‘inscne’ go Bulgáiris mar ‘пол’ i dtéacs na Treorach.’

RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SLÓVAICE

‘Is díol sásaimh do Phoblacht na Slóvaice téacs comhréitigh na treorach agus tacaíonn sí leis. Is é ár dtuairim gur céim thábhachtach chun cinn é chun cearta íospartach a neartú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na híoschaighdeáin a chomhfhreagraíonn do chleachtais athraitheacha na mBallstát.

I ndáil leis an méid sin, is mian le Poblacht na Slóvaice a mheabhrú i ndáil leis an téarma ‘inscne’ a úsáidtear sa leagan athbhreithnithe d’Airteagal 22, mír 2, pointe (a), go n-aistrefar san airteagal sin mar ‘gnéas’ é i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta i réimse an dlí choiriúil, chearta na n-íospartach agus an idirdhealaithe. I gcásanna ina n-éilíonn an comhthéacs coibhéis na Slóvaice a úsáid le haghaidh ‘inscne’, úsáidfear an t-aistriúchán iomchuí, mar shampla an téarma ‘foréigean inscnebhunaithe’.

Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna **Rialachán lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh**
Cur chuige ginearálta
‘A’.

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Ba mhaith leis an Ungáir a chur i bhfios go láidir gur mór aici iarrachtaí na hUachtaránachta teacht ar chomhréiteach sa Chomhairle le linn na caibidlíochta maidir leis an Linn Tallainne agus teacht ar théacs cothrom lena gcuirtear san áireamh riachtanais an mhargaidh saothair agus gnéithe slándála náisiúnta na mBallstát.

I bhfianaise na ndúshlán slándála atá ann faoi láthair agus i bhfianaise na n-athruithe sa tsochaí arb í an imirce is cúis leo, ní chreidimid go bhfuil bonn cirt le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun insreabhadh náisiúnach tríú tír a éascú. Tá sé beartaithe againn aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sa mhargadh saothair ar an leibhéal náisiúnta agus meastar gur réiteach sealadach seachas réiteach fadtéarmach iad oibrithe tríú tír.

Agus aitheantas iomlán á thabhairt aici don mhéid atá bainte amach ag an Uachtaránacht agus buíochas á ghabháil aici léi as an obair chuiditheach a rinne sí, staonann an Ungáir, ar na cúiseanna thuasluaite, ó ghlacadh an chur chuige ghinearálta.’

RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR

‘Aithníonn an Ísiltír gur féidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú le ganntanais sa mhargadh saothair sna Ballstáit a mhaolú. Aithnímid freisin gur féidir le tograí, cuir i gcás an Rialachán lena mbunaítear Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh rannchuidiú go dearfach leis an idirphlé maidir le himirce le tíortha comhpháirtíochta tionscnaimh agus idirthurais. Le linn na caibidlíochta a bhí ag an gComhairle maidir leis an gCur Chuige Ginearálta, is minic a tharraingíomar aird ar mhí-úsáid agus dúshaothrú náisiúnach tríú tír a chosc, agus ar imirce daoine oilte i dtíortha tionscnaimh. Tá an Ísiltír den tuairim gur cheart postú míchuí náisiúnach tríú tír sna Ballstáit - san Aontas a chosc a mhéid is féidir, rud atá tábhachtach freisin i gcomhthéacs sonrach Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh. Cuireann cleachtais ar nós na gcleachtas sin na náisiúnaigh tríú tír i staid leochaileach, agus bíonn dúshaothrú saothair ann mar thoradh air sin, cruthaítear iomaíocht éagórach agus sodar go grinneall maidir le dálaí saothair agus téitear timpeall ar bheartais náisiúnta imirce. Ba cheart dúinn a áirithiú nach mbeifí in ann náisiúnaigh tríú tír a phostú go míchuí trí Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh feasta. In ainneoin idirphlé cuiditheach le hUachtaránacht na Beilge agus leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an ábhar seo, caithfimid a admháil nár tugadh an aird cheart ar na hábhair inní atá againn. Dá bhrí sin, staonfaimid ón vótáil ar an gCur Chuige Ginearálta.

Gabhann an Ísiltír buíochas le hUachtaránacht na Beilge agus leis an gCoimisiún Eorpach as meon dearfach an chomhair le linn na caibidlíochta. Leanfaimid den obair chun go mbeidh Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh mar uirlis dhea-fheidhmiúil ag na Ballstáit sin a chinnfidh a bheith rannpháirteach inti chun go gcomhlíonfar na spriocanna a leagtar amach agus go maolófar na rioscaí atá ann do náisiúnaigh tríú tír agus do na Ballstáit ag an am céanna.’

Maidir le mír 25 ar liosta na míreanna ‘B’. **Conclúidí maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint**
Formheas

RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE

‘Dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire go dtuigtear nach gcuimsítear leis an téarma ‘inscne’ a úsáidtear sna dréachtchoclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint ach an gnéas fireann agus bainneann de réir a mbrí bitheolaíche. Sa chiall sin, ní ghlacfaidh an Stát le haistriú an téarma ‘inscne’ go Bulgáiris ach mar ‘пол’ sa doiciméad thuasluaite.’

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Meabhraítear don Ungáir go léirítear le foclaíocht reatha théacs na gConclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint comhréiteach a caibidlíodh go cúramach, agus dá bhrí sin, is féidir linn tacú léi.

Sa chomhthéacs seo, ní mór a athdhearbhú, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus le dlí príomha, prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, go n-aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus go gcuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach a chumhdaítear an comhionannas idir mná agus fir i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do ‘gnéas’ a dhéanann an Ungáir an téarma ‘inscne’ a léirmhíniú sna Conclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint.

Thairis sin, dearbhaíonn an Ungáir, i dtaca leis na straitéisí a ghlac an Coimisiún in 2020 agus 2021, is iad sin: an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 [COM(2020) 152 final], an Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025 [COM(2020) 698 final] agus Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh [COM (2021) 142 final] dá dtagraítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le díospóireacht dhaonlathach atá saor, oscailte agus feasach a neartú agus a chosaint, i dtaca leis na straitéisí sin, gur cheart iad a léirmhíniú agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí náisiúnta agus ar na himthosca sonracha i ngach Ballstát.’

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘B’ a leagtar amach in 10690/24

Maidir le mír 19 ar
liosta na
míreanna ‘B’:

Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac
Cur chuige ginearálta

RÁITEAS ÓN mBULGÁIR

‘Tacaíonn an Bhulgáir go hiomlán le cuspóirí an togra le haghaidh Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac. Is oth linn, áfach, nár tugadh aghaidh mar is ceart ar roinnt ábhair inní a chuir toscaireacht na Bulgáire in iúl le linn na caibidlíochta sa Chomhairle.

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith linn a athdhearbhú gur cúis inní dúinn an cur chuige difreáilte maidir le smachtbhannaí a chur ar dhaoine dlítheanacha (Airteagal 17, mír 3), ag brath ar cé acu a thionscnaítear nó nach dtionscnaítear a ndliteanas faoi mhír 1 nó faoi mhír 2 d’Airteagal 16. Tá sé curtha in iúl againn cheana féin go mbeidh iarmhairtí diúltacha ann mar thoradh ar chur chuige difreáilte a thabhairt isteach maidir le smachtbhannaí a chur ar dhaoine dlítheanacha. Áirítear ar chuid díobh sin: coinbhleacht a chruthú le prionsabal an chórais aontaithe smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha arna bhunú ag coinbhinsiúin in aghaidh an éillithe de chuid Chomhairle na hEorpa, na Náisiún Aontaithe agus ECFE; mearbhall coincheapúil, reachtach agus praiticiúil sna Ballstáit a bhfuil bearta glactha acu cheana féin i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha; teachtaireacht chonspóideach a chur in iúl do na Ballstáit go bhféadfaidís smachtbhannaí corparáideacha nach bhfuil chomh héifeachtach, comhréireach, athchomhairleach céanna a ghlacadh i leith coireanna éillithe arna ndéanamh ag daoine faoi údarás, fiú dá mba choireanna chun tairbhe an duine dhlítheanaigh iad na coireanna sin, agus a dhéanfaidís damáiste tromchúiseach don tsochaí; bheadh baol ann go mbainfeadh daoine dlítheanacha mí-úsáid as an méid sin ionas go bhféadfaidís coireanna éillithe a eagrú go héasca chun nach ngearrfaí smachtbhannaí éifeachtacha orthu; agus coinníollacha a chruthú le haghaidh siopadóireacht dlínse.

Ar an dara dul síos, cuirimid in iúl gur cúis inní dúinn gur cuireadh an téarma ‘pionóis’ in ionad an téarma ‘smachtbhannaí’ sa leagan Béarla sna forálacha faoi seach agus i mbrollach na Treorach le linn na caibidlíochta gan cúiseanna substaintiúla teanga ná dlí a thabhairt don athrú téarmaíochta tábhachtach sin. Ba mhaith linn a thabhairt chun suntais go n-úsáidtear an téarma ‘smachtbhannaí’ go comhsheasmhach sna teoracha maidir leis an dlí coiriúil agus sna coinbhinsiúin in aghaidh an éillithe a glacadh laistigh de Chomhairle na hEorpa, na Náisiún Aontaithe agus ECFE, agus go dtí seo nach raibh sé ina chúis mhíthuisceana ná ina chúis mhearbhaill ar leibhéal an Aontais ná ar an leibhéal náisiúnta. Lena chois sin, úsáidtear an téarma ‘smachtbhannaí’ i bhforáil Airteagal 83, míreanna 1 agus 2 CFAE, agus dá bhrí sin tá an t-athrú téarmaíochta thuas ar neamhréir leis an mbunús dlí don togra le haghaidh na Treorach.

Ar an tríú dul síos, tugaimid dár n-aire go bhféadfaí an tagairt don dlí náisiúnta sa dara habairt d’Airteagal 2, mír 2, litir (ii) (sainmhíniú ar oifigeach náisiúnta) a léirmhíniú mar thagairt lena gceadaítear do na Ballstáit comhaltáí de pharlaimintí náisiúnta a eisiamh ó chiorcal na n-oifigeach a bhfuil freagracht choiriúil maidir le cionta éillithe orthu faoin Treoir. Ní fhreagraíonn an cur chuige sin don chaighdeán arna bhunú ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (Airteagal 2(a)), ná d’uaimhian an togra le haghaidh na Treorach.

Ar an gceathrú dul síos, ba mhaith linn a chur in iúl gur cúis inní dúinn go bhféadfaí foclaíocht Airteagal 19 maidir le ‘Pribhléidí nó díolúine ó chionta éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh’ a léirmhíniú mar bhealach lena gceadaítear do na Ballstáit díolúintí ó imscrúdú coiriúil agus ó ionchúiseamh (dosháraitheacht) a choinneáil ina reachtaíocht (ní hamháin sa Bhunreacht ach sna dlíthe agus sna rialacháin eile freisin) i ndáil le raon neamhtheoranta oifigeach náisiúnta agus gan nósanna imeachta trédhearcacha oibiachtúla a chur ar fáil chun na díolúintí sin a bhaint. Ní chomhfhreagraíonn an fhoráil sin do na caighdeáin a bunaíodh laistigh den chéad bhabhta meastóireachta GRECO i ndáil le comhlíonadh Threoirphrionsabal 6 ó Chomhairle na hEorpa maidir leis an éilliú a chomhrac (chun an díolúine ó imscrúdú, ionchúiseamh nó breithniú éillithe a theorannú a mhéid is gá i sochaí dhaonlathach), ná d’uaillmhian an togra le haghaidh na Treorach.

Ar deireadh, is oth linn nár cuireadh san áireamh na barúlacha a rinneadh ar leibhéal teicniúil arb é is aidhm dóibh roinnt forálacha eile sa chuid oibríochtúil agus sa bhrollach a shoiléiriú agus a fheabhsú chun comhleanúnachas, uaillmhian níos mó agus/nó breisluach an togra a áirithiú (e.g. i ndáil le hAirteagal 13 maidir le ‘Saibhriú ó chionta éillithe’ ar dealraitheach gur cás speisialta é de sciúradh airgid a chumhdaítear cheana féin le Treoir (AE) 2018/1673 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil).’

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘Dearbhaíonn an Ghearmáin go ndéantar an téarma ‘le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais nó gnó’ in Airteagal 8 den Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin um chomhrac an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a léirmhíniú sa chiall go ndéantar tagairt do ghníomhaíochtaí i ndáil le ceannach earraí nó seirbhísí tráchtála.’

RÁITEAS ÓN EASTÓIN

‘Tacaímid le haidhmeanna ginearálta na teorach maidir leis an éilliú a chomhrac agus le Cur Chuige Ginearálta na Comhairle agus is díol sásaimh dúinn iad.

Mar sin féin, mar a cuireadh in iúl roimhe seo le linn na caibidlíochta, tá raon feidhme na breabaireachta san earnáil phríobháideach róleathan in Airteagal 8 den togra, agus níl sé soiléir go leor cén leas dlíthiúil a chosnaítear leis an bhforáil sin. De réir na foclaíochta, is féidir le haon fhostaí d’aon duine príobháideach a bheith ina chiontóir, agus is féidir le haon sárú gairmiúil a bhfuil íocaíocht geallta don fhostaí ina leith a bheith ina réamhriachtanas do dhliteanas coiriúil.

Táimid i bhfabhar raon feidhme pearsanta Airteagal 8 a theorannú don fheidhm bhainistíochta nó don fhreagracht bhainistíochta, agus táimid i bhfabhar an raon feidhme ábhartha a theorannú d’earraí nó seirbhísí tráchtála a cheannach. Is cúis inní dúinn i gcónaí an cur chuige díréireach agus tá súil againn go dtabharfar aghaidh air sin le linn na caibidlíochta tríthaobhaí.’